# Treoir maidir le Ceadúnú Microsoft do Scoileanna

**Clár na nÁbhar:** **Leathanach**


| | |
|---|---|
| Réamhrá – Treocht maidir le haistriú go hardáin néalbhunaithe | 1 |
| An dóigh a bhfuil a cheadúnas táirge á athrú ag Microsoft | 1 |
| Tábla achomair ar cheadúnais lena n-áirítear samplaí costais | 2 |
| Tuilleadh eolas faoi phríomhtháirgí/phríomhsheirbhísí Microsoft a bhaineann le scoileanna | 3 |
| Office 365 for Education, Office 365 A1, A3, A5 | 3 |
| Microsoft 365 for Education, Microsoft 365 A1, A3, A5 | 3-4 |
| Breithnithe maidir le Frithvíreas, Sonraí agus Cibearshlándáil | 4 |
| Sonraí teagmhála le haghaidh ceisteanna breise | 4 |


## RÉAMHRÁ – TREOCHT MAIDIR LE hAISTRIÚ GO hARDÁIN NÉALBHUNAITHE

Le blianta beaga anuas, tá athrú suntasach déanta i measc eagraíochtaí, lena n-áirítear scoileanna, maidir le hardáin néalbhunaithe. Spreagtar glacadh na néalríomhaireachta leis na buntáistí a bhaineann leis, lena n-áirítear inscálaitheacht, solúbthacht, éifeachtúlacht costais, agus inrochtaineacht. Tá úsáid á baint ag scoileanna níos mó agus níos mó as réitigh néalbhunaithe chun comhoibriú a spreagadh agus chun an dóigh a mbainistíonn siad cuntais úsáideoirí, gléasanna agus sonraí na scoileanna chun tacú le teagasc agus le foghlaim a shimpliú. Léiríodh an t-aistriú sin chuig an néal ag Microsoft 365 agus a tháirgí gaolmhara.

## AN DÓIGH A BHFUIL CEADÚNAS TÁIRGE Á ATHRÚ AG MICROSOFT

- **Ceadúnas Buan/Gléis:** San am atá thart, cheannódh scoileanna gléas go hiondúil mar aon le ceadúnas Microsoft Office mar íoslódáil aonuaire le haghaidh ríomhairí deisce nó ríomhairí glúine. I gcás nach bhféadfaí an gléas a úsáid a thuilleadh, d'fhéadfaí an ceadúnas oifige a aistriú go gléas eile, ach b'éigean ceadúnas nua a cheannach chun uasghrádú chuig an leagan níos déanaí. Is féidir ceadúnais buan a cheannach fós, amhail ceadúnas aonuaire 6 bliana ar thart ar €45 in aghaidh an ghléis, lena n-áirítear aipeanna ar líne agus deisce, bainistíocht gléasanna (Intune), agus Minecraft Education. I gcás scoileanna ar mian leo go leor gléasanna a cheannach, áfach, d'fhéadfadh sé sin a bheith costasach. Chomh maith leis sin, mar gheall ar an treocht i dtreo seirbhísí néalríomhaireachta tá samhlacha eile ceadúnais ann atá níos mealltaí agus níos ábhartha.

- **Ceadúnas Síntiúis OVS/ES (1 bhliain ar a laghad):** Tá ceadúnas síntiúis ag Microsoft do scoileanna, ceadúnas OVS-ES (Réiteach Oideachas ar Shíntiús Luacha Oscailte). Tá an tsamhail sin bunaithe ar líon na mball foirne coibhéiseach lánaimseartha agus is féidir le scoil clárú ar feadh 1-3 bliana. Tugtar rochtain d'úsáideoirí (scoláirí agus baill foirne) leis sin ar an leagan ar líne agus ar leagan deisce d'aipeanna Microsoft (Office 365 A3). Ní mór do scoileanna 5 cheadúnas ar a laghad a cheannach.

- **Síntiús Solúbtha, míosúil, bliantúil, aon líon ceadúnas, CSP:** Ag teacht leis an éileamh agus leis an aistriú go néalseirbhísí, thug Microsoft isteach Microsoft 365 trí Sholáthraí Néalréiteach (CSP). Tá Office 365 san áireamh in Microsoft 365 ach cuireann sé Enterprise Mobility and Security, Windows Desktop, agus Minecraft Education leis freisin. Cosúil le OVS/ES ach bunaithe ar EQU (úsáideoir cáilithe oideachais i.e. líon foirne) le Tairbhe Úsáide Scoláirí. Is féidir leis na síntiúis a bheith ina síntiúis mhíosúla nó bhliantúla, tá siad solúbtha, mar sin is féidir le scoileanna ceadúnais úsáideora a chur leis nó a bhaint de réir mar is gá. Níl aon mhéid íosta ann, mar sin is féidir le scoileanna ceadúnas amháin ar a laghad a cheannach.

- **Microsoft Intune:** Néalseirbhís is ea Microsoft Intune lena gcuirtear ar chumas eagraíochtaí gléasanna, aipeanna agus sonraí a n-úsáideoirí a bhainistiú agus a choinneáil slán, rud a éascaíonn bainistíocht éifeachtúil gléasanna móibíleacha (MDM) agus bainistíocht feidhmchlár móibíleach (MAM) ar ardáin éagsúla.

Díríonn Intune for Education go príomha ar ghléasanna Windows a bhainistiú. Cé go dtacaíonn sé le roinnt gnéithe bainistíochta le haghaidh gléasanna iOS agus MacOS, b'fhéidir nach bhfuil a chumais chomh fairsing leis na cinn a sholáthraítear le réitigh speisialaithe amhail Jamf le haghaidh bainistíocht gléasanna Apple.

**TÁBLA ACHOIMRE DE NA CEADÚNAIS**

| | Office 365 A1 | Office 365 A3 | Office 365 A5 | Microsoft 365 A1 | Microsoft 365 A3 | Microsoft 365 A5 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Aipeanna ar líne saor in aisce lena n-áirítear Teams | Síntiús lena n-áirítear gnéithe A1 agus aipeanna deisce + Intune | Síntiús níos airde lena n-áirítear A1 + A3 gnéithe chomh maith le slándáil agus anailísíocht bhreise | Síntiús aonuaire in aghaidh an ghléis le haghaidh ceadúnas 6 bliana, aipeanna Deisce + néalseirbhís mgmt' gléasanna (Intune) + Minecraft | Office 365 ar líne + deasc + Windows + roinnt slándála, soghluaisteacht a (Intune) + Eagrán Minecraft Education | M365 A3 gnéithe chomh maith le slándáil bhreise, bainistíocht rochtana pribhléide agus anailísíocht |
| | | Samhail OVS-ES níos sine bunaithe ar shíntiús 1-3 bliana do bhaill foirne FTE (coibhéis lánaimseartha). Cuirfear deireadh leis de réir a chéile, ní mór 5 cheadúnas ar a laghad a cheannach. | | Ceadúnas in aghaidh an Ghléis ar feadh 6 bliana ar fáil trí CSP | Samhail CSP níos nuaí bunaithe ar EQU (úsáideoir cáilithe oideachais i.e. líon foirne) le Tairbhe Úsáide Scoláirí Is féidir leis a bheith ina shíntiús míosúil nó bliantúil, tá sé níos solúbtha, is féidir leat é a choigeartú. | |
| **Garchostas (€)** | **Saor in aisce** | **40-55** | 70-95 | 40-55 | **75-95** | 135-170 |
| **Barúil** | **Stóráil teoranta** | **Síntiús Choitianta** | Ní úsáidtear mórán é | Ní úsáidtear mórán é | **An síntiús is coitianta Móréileamh ag teacht air i scoileanna.** | Eagraíochtaí móra óna dteastaíonn Riarthóirí sraithe agus Úsáideoirí Fiontraíochta |
| **Samplaí de na Ceadúnais is mó a úsáidtear i scoileanna** | | | | | | |
| Costas in aghaidh na bliana € **Scoil Bheag** | **SAOR IN AISCE** | **400** | | | **680** | |
| Costas in aghaidh na bliana € **Scoil Mhéanmhéid** | **SAOR IN AISCE** | **750** | | | **1275** | |
| Costas in aghaidh na bliana € **Scoil Mhór** 50 | **SAOR IN AISCE** | **2500** | | | **4250** | |
| **NÓTAÍ** | | | | | | |
| Is garchostais iad na costais sin agus tá siad bunaithe ar mheáin agus d'fhéadfadh difríocht a bheith eatarthu | | | | | | |
| Baineann na costais le ceadúnais amháin, agus ní áirítear leo costais suiteála nó cumraíochta etc. | | | | | | |

**Nóta:** Toisc go bhfuil costas ceadúnais A5 an-chostasach, úsáideann scoileanna ceadúnais A3 bunaithe ar líon na foirne de ghnáth. Sa tsamhail sin, d'fhéadfaí ceadúnas riaracháin domhanda A5 amháin in aghaidh na scoile (a bhainistíonn an scoil féin nó a bhainistíonn 'soláthraí 365') a úsáid chun cuid de phríomhshocruithe cumraíochta agus polasaí '365' na scoile a bhainistiú. Leis an tsamhail seo, is féidir le scoil roinnt ardghnéithe

A5 a úsáid gan na costais ar cheadúnas A5 a thabhú don fhoireann ar fad. A bhuí leis sin, laghdaítear na costais do scoileanna, agus éascaítear rochtain ar roinnt ardghnéithe A5.

## TUILLEADH EOLAS FAOI PHRÍOMHTHÁIRGÍ/PHRÍOMHSHEIRBHÍSÍ MICROSOFT A BHAINEANN LE SCOILEANNA

### OFFICE 365 FOR EDUCATION

Ardán comhtháite néalbhunaithe is ea Microsoft Office 365 Education atá oiriúnaithe d'institiúidí oideachais, a thairgeann meascán d'fheidhmchláir ar líne agus deisce, ar nós Word, Excel, PowerPoint, agus uirlisí comhoibríocha lena n-áirítear Teams agus OneNote.

**Office 365 A1**
Is plean síntiúis **Saor in Aisce** é seo a thairgeann Microsoft d'institiúidí oideachais. Tá sé deartha chun uirlisí táirgiúlachta bunúsacha agus seirbhísí **ar líne** a sholáthar do scoláirí agus do na baill foirne. Seo thíos na príomh-chomhpháirteanna atá san áireamh in Office 365 A1:

**Leaganacha Ar Líne d'Fheidhmchláir Office:**
Word, Excel, PowerPoint, agus OneNote: Leaganacha ar líne is féidir a rochtain trí bhrabhsálaí gréasáin.

**Email agus Calendar:**
Exchange Online: Seirbhís ríomhphoist ardchaighdeáin lena bhfuil bosca poist 50 GB in aghaidh an úsáideora. Outlook ar an ngréasán: Rochtain ghréasánbhunaithe ar ghnéithe ríomhphoist agus féilire.

**Stóráil Ar Líne:**
OneDrive for Business: Neálstóráil do dhoiciméid agus comhaid lena bhfuil stóráil 1 TB in aghaidh an úsáideora.

**Uirlisí Comhoibrithe:**
SharePoint Online: Ardán comhoibrithe chun ábhar, doiciméid agus feidhmchláir a roinnt agus a bhainistiú. Microsoft Teams: Ardán comhoibrithe le haghaidh comhrá, físchruinnithe, comhroinnt comhad, agus comhoibriú ar dhoiciméid.

**NÓTA**: Le héifeacht ó 1 Feabhra, 2024, beidh úsáideoirí Office 365 A1 (síntiús saor in aisce) teoranta do 100GB ar a mhéad le haghaidh stóráil OneDrive, laistigh den 100TB den stóráil chomhthiomsaithe don tionónta scoile. Beidh an rogha ag scoileanna stór incriminteach a cheannach bunaithe ar a gcuid riachtanas.

**Office 365 A3** – tá síntiús in aghaidh na bliana don tseirbhís sin agus tagann gnéithe breise leis, go sonrach na feidhmchláir deisce chomh maith leis na haipeanna ar líne a fhaightear in **A1**.

**Office 365 A5** – tá síntiús níos airde ann don cheann seo agus chomh maith le gnéithe**Office 365 A1** agus **A3,** le **A5** , tá gnéithe feabhsaithe slándála breise ann, mar shampla, tuilleadh anailísíochta.

### MICROSOFT 365 FOR EDUCATION

Is réiteach é Microsoft 365 atá níos cuimsithí ná Office365, ina gcuachtar Office 365 le gnéithe breise lena leathnaítear a chumais chun gnéithe amhail bainistíocht gléasanna, soghluaisteacht agus slándáil, córais oibriúcháin deisce, agus uirlisí oideachais amhail Minecraft Education a chlúdach. Mar atá le Office 365 tá pleananna éagsúla ar fáil do scoileanna mar a leanas:

**Microsoft 365 A1**
Is réiteach foghlama aonuaire in aghaidh an ghléis é sin chun freastal ar riachtanais na foirne agus na scoláire. Bheadh rochtain ag gach úsáideoir ar aipeanna deisce ar nós Word, Excel, PowerPoint, Microsoft Teams, Minecraft Education Edition, agus go leor eile. Soláthraítear leis an gceadúnas sin freisin bainistíocht néalseirbhíse trí Microsoft Intune for Education chun am a shábháil trí ghléasanna scoile a bhainistiú in amharc 'deaise' amháin.

### Microsoft 365 A3

Chomh maith le gnéithe uile Office 365 A3 a chur san áireamh i.e. feidhmchláir ar líne agus deisce ar nós MS Word, Excel, PowerPoint, ríomhphost Outlook, Storage, Teams agus One Note, cuimsítear in Microsoft365 A3 bainistíocht agus soghluaisteacht le Intune, Windows OS, agus Minecraft Education Edition. Tá sé sin anois ar cheann de na ceadúnais is mó tóir do mheánscoileanna agus scoileanna móra, go háirithe Iar-bhunscoileanna.

### Microsoft 365 A5

Áirítear leis an réiteach sin gnéithe uile Microsoft 365 **A3** agus gnéithe breise amhail ardghnéithe slándála amhail ATP (Ardchosaint ar Bhagairt), Microsoft Defender for Office, bainistíocht rochtana Pribhléide agus roinnt gnéithe slándála eile.

## BREITHNITHE MAIDIR LE FRITHVÍREAS

- San am atá thart bhí bogearraí Frithvíris (AV) ag teastáil ó scoileanna mar uirlis bhogearraí 'slándála' bhreise thábhachtach a chuidíonn lena gcuid sonraí agus córas TF a chosaint ar 'víris' bogearraí díobhálacha. Le blianta beaga anuas anois, tá uirlisí slándála comhtháite curtha leis ag córais oibriúcháin Microsoft Windows agus Microsoft 365 lena n-áirítear 'Microsoft Defender', ar gné slándála é ina gcuimsítear cosaint bogearraí mailíseacha/frithvíreas, cosaint gréasáin, agus fógraí slándála fíor-ama. Maidir le scoileanna a úsáideann córais oibriúcháin Microsoft Windows 10 nó 11 Professional agus a úsáideann **Microsoft 365 A3** freisin, (agus a ngnéithe slándála ábhartha cumraithe go cuí, de réir threoirlínte Microsoft), meastar nach bhfuil táirge bogearraí Frithvíreas 3ú páirtí breise riachtanach a thuilleadh.

- Roghnaíonn roinnt scoileanna réitigh frithvíreas tríú páirtí a fháil fós, ar nós Symantec, ESET, Kaspersky, McAfee, nó Sophos, i measc cinn eile, cé go mbaineann costas in aghaidh an ghléis leo. Is féidir leis an difear praghsála i measc na roghanna sin a bheith an-mhór, dá bhrí sin tá sé inmholta luachana a fháil le haghaidh trí chineál éagsúla ar a laghad.

  **NÓTA:** Tá sé tábhachtach a fháil amach cén cineál Microsoft Licensing atá i bhfeidhm i do scoil, mar go bhféadfadh sé go bhfuil slándáil chríochphointí breise ionchorpraithe cheana féin (e.g., in A3 nó A5), rud a d'fhéadfadh deireadh a chur leis an ngá le ceadúnais tríú páirtí breise a fháil.

- Ní bhíonn aon bhogearraí frithvíreas ag teastáil ó ghléasanna eile ar nós Chromebooks nó iPads de ghnáth. I gcásanna áirithe, roghnaíonn scoileanna cineál saorearraí a úsáid (b'fhéidir nach dtabharfaí cosaint iomlán leo sin, áfach).

## COSAINT SONRAÍ AGUS CIBHARSLÁNDÁIL

Tá Cosaint Sonraí agus Cibearshlándáil ina réimsí ríthábhachtacha do gach scoil agus baineann siad le sonraí scoile a bhainistiú agus a chosaint, agus na rioscaí go ndéanfaí sonraí a scriosadh/a chur i mbaol, a chailleadh nó a ghoid a laghdú. Ní mór do scoileanna straitéis fhoriomlán sonraí agus cibearshlándála a bheith i bhfeidhm acu lena leagtar amach príomhchuspóirí a straitéise. Chun tacú le scoileanna sa réimse sin tá treoirleabhar cibearshlándála forbartha ag Teicneolaíocht Oide Technology san Oideachas ar féidir é a íoslódáil ag an nasc seo a leanas.
https://www.oidetechnologyineducation.ie/technology-infrastructure/data-security/

Le haghaidh ceisteanna breise nó chun tacaíocht fháil is féidir le scoileanna ríomhphost a chur chugainn ag ictadvice@oide.ie